



Pelletstown Educate Together National School

Plean Scoile: Gaeilge

2020

Réamhráiteas

Chuireamar tús leis an bplean ar lá pleanála i Mí Bealtaine 2017 agus rinneamar mórbhreithniú i Mí Márta 2020. Bhí an fhoireann go léir páirteach ann agus fuair eamar tacaíocht ón curaclam nua chun é a dhéanamh.

Bunchúiseanna

Tá gá leis an bplean seo:

- Chun cabhrú linn an curaclam nua a chur i bhfeidhm agus a chur in oiriúint d'ár scoil
- Chun go mbeidh treoir chinnte againn i múineadh agus úsáid na Gaeilge
- Ionas go mbeidh leanúnachas agus forbairt ó rang go rang
- Chun an chur chuige cumarsáideach a chur i bhfeidhm sa scoil
- Chun comhthéacs a chruthú d'úsáid na Gaeilge sa scoil
- Chun eolas a thabhairt do dhaoine nua ag obair sa scoil

Fís

Ba mhaith linn mar fhoireann go mbeidh na páistí agus pobail na scoile in ann Gaeilge a labhairt agus a thuiscint ar a leibhéal féin go neamhfhoirmiúil i rith an lae sa chlós agus sa seomra ranga. Cuirimid béim ar imeachtaí a bhaineann le cultúr na Gaeilge mar shampla-ag seinm an fheadóg stáin. Tá súil againn go mbainfidh na páistí níos mó tuiscint as ár gcultúr de bharr foghlaim na Gaeilge.

Aidhmeanna

Siad na haidhmeanna atá againn mar fhoireann scoile ná:

- Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir timpeall na scoile
- Cumas léitheoireachta agus scríbhneoireachta an pháiste a chothú i slí comhtháite ag leibhéal a oireann dó/dí féin
- Go mbeadh grá don teanga níos tábhachtaí ná cruinneas teanga
- Cúram a dhéanamh d'fhorbairt shóisialta, chognaíoch, mhothúcháin, shamhlaíoch agus aeistéitiúil an pháiste
- Feasacht teanga agus feasacht cultúir a chothú
- Clár bán idirghníomhach a úsáid chun suim, taitneamh agus tuiscint an pháiste a ardú sa Ghaeilge

1. Curaclam na Gaeilge

1.1: Cur Chuige Cumarsáideach

Déanaimid sár-iarracht an modh seo a úsáid sna ranganna. Tá na múinteoirí ag obair le chéile chun na himpleachtaí seo a shárú.

Príomhthréithe an cur chuige cumarsáideach:

- Foghlaimoirlárnaithe
- Béim ar chiall agus úsáid laethúil na teanga
- Foghlaimoírí gníomhach
- Obair ghrúpa agus bheirte

- Pearsanú
- Ghníomhachtaí céillí
- Bearnáí eolais
- Múinteoir an ghramadach de réir mar a bhíonn sí ag teastáil agus i gcomhthéacs oiriúnach
- Tús áite do na feidhmeanna teanga
- Dearcadh níos dearfaí i leith earráidí
- Múintear na scileanna éagsúla le chéile oiread agus is féidir

1.2: Feidhmeanna Teanga

- Tá liosta de na heiseamláirí déanta amach le haghaidh gach rang. (Féach Aguisín 1)
- Caithfidh an múinteoir ranga feidhmeanna a thabhairt faoi deara i rith na bliana (ina slí féin) i rith an lae.
- Beidh an fhoireann ar fad aontaithe ar an gcur chuige
- Leanann an liosta Feidhmeanna Teanga ó rang go rang.

1.3: Snáitheanna agus gnéithe

Bíonn trí snáitheanna sa Churaclam nua:

- Teanga Ó Bhéal
- Léitheoireacht
- Scríbhneoireacht

Bíonn trí gnéithe freisin:

- Caidreamh cumarsáideach a fhorbairt trí theanga (Cumsarsáid)
- Ábhar agus struchtúr na teanga a thuiscint (Tuiscint)
- Teanga a fhiosrú agus a úsáid (Fiosrú agus úsáid)

Teanga ó Bhéal

Neamhfhoirmiúil

- Múinteoir ag labhairt Gaeilge
- Múinteoir ag tabhairt treoracha
- Cuairteoirí, foireann sa scoile
- Ordaithe, teachtaireachtaí-iarraidh ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- Mar theanga chaidrimh
- Mar theanga bhainisteoireacha
- Ócáidí speisialta - Lá breithe
- Réamhrá do cheachtaíeile
- Éisteacht leis an nGaeilge á labhairt go fíor chumarsáideach
- Nath na seachtaine - Aguisín 1
- Liosta Gaeilge Neamhfhoirmiúil i ngach rang
- Rolla- anseo, as láthair, b'fhéidir go bhfuil sé tinn, ar saoire, níl sé/sí ar scoil
- Teachtaireachtaí

- Treoracha agus ordaithe -Tóg amach/Tógaigí amach..., Oscail/osclaígí, Dún/dúnaigí.
- Ceisteanna a chur is a fhreagairt

Foirmiúil

- Éisteacht le dlúthdhioscaí, dánta, amhráin agus rannta
- Éisteacht le treoracha, scéalta cartún ó TG4, aimsir TG4, ordaithe, tráth na gceist,cluichí
- Éisteacht agus tomhas
- Éisteacht agus pictiúr a tharraingt
- Éisteacht agus mím a dhéanamh
- Cluichí teanga - fiche cheist, cad atá sa mhála? Cluiche Kim srl
- Nuacht
- Aimsir
- Drámaíocht
- Agallaimh
- Dánta
- Amhráin
- Scéalta beaga
- Cláir Teilifíse
- Cur síos orthu féin agus ar pháistí eile
- Frásaí ón Téamaí - Aguisín 2

Léitheoireacht

- Tá bosca de leabhar Gaeilge sa scoil (Naíonáin Sóisearacha-Rang a Sé) :
 1. Ulchabháin Óga
 2. Dónall An Chlúimh Agus An-Ocras Air!
 3. Ruairí sa Zú
 4. Zog
 5. Babaí Cathal, Lá Nua!
 6. Tomhais Méid Mo Ghrá Duit!
 7. Kipper
 8. An Fathach
 9. Bróga Thomáis
- Táimid ag usáid 'Sona ag léamh' (scéim léitheoireachta leibhéalta- CJ Fallon) ó Rang a hAon go dtí Rang a Sé.

Naíonáin Shóisearacha	
Scéim	Abair Liom A
Síscéalta/Leabhair Mhóra:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An Tornapa Mór ▪ Na Trí Mhuicín

	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An Buachaillín Sinséir ▪ Cinnín Óir agus na Trí Bhéar
--	--

Naíonáin Shinsearacha	
Scéim	Abair Liom B
Síscéalta/Leabhair Mhóra:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Cochaillín Dearg ▪ Luaithriona ▪ Seán agus an Gas Pónaire ▪ Hansel agus Gretel

Rang a hAon	
Scéim	Abair Liom C
Síscéalta/Leabhair Mhóra:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An Toirtís agus an Giorra ▪ Oíche Nollag ▪ Na Trí Ghabhar agus an Troll ▪ An Circín Rua

Rang a Dó	
Scéim	Abair Liom D
Síscéalta/Leabhair Mhóra:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An Madra Rua agus na Plumaí ▪ Fionn agus an Dragún ▪ An Ghaoth agus an Ghrian ▪ An Béar Beag agus an Béar Mór
Léitheoireachta:	<p>Tús na léitheoireachta - clár foirmiúil don léitheoireacht ag tosú i Rang a Dó.</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Fógraí sa seomra ▪ Lipéid-doras, cófra, fuinneog ▪ Léamh-focail agus abairtí gairid ▪ Cartáí timpeall an tseomra le laethanta na seachtaine, uimhreacha, dathanna ▪ An nuacht a léamh ▪ Athscríobh a léamh <p>Déantar scileanna a fhorbairt agus a cleachtadh ó Rang a Dó. Bíonn deiseanna léitheoireachta éagsúla ag na páistí.</p> <ul style="list-style-type: none"> ▪ Léitheoireacht faoi stiúir ▪ Léitheoireacht pháirteach ▪ Léitheoireacht roinnte

	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Léitheoireacht aonar ▪ Taoiléitheoireacht
--	--

Rang a Trí	
Scéim	Abair Liom E
Scéalta	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An grianghraf ▪ Daidí ag cócaráil ▪ Ag glanadh an tí ▪ An rang corpoideachais ▪ Oisín ar Strae ▪ An sorcas ▪ Is breá linn scannáin ▪ Conas a bhíonn an aimsir agatsa? ▪ An Bradán Feasa
Léitheoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An nuacht a léamh ▪ Athscríobh a léamh ▪ Scéalta/dánta agus amhráin a léamh ▪ Comhrá a léamh ▪ Fíor nó Bréagach

Rang a Ceathair	
Scéim	Abair Liom F
Scéalta	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An Fiaclóir ▪ Luch sa teach ▪ An dráma scoile ▪ An gadaí ▪ Eachtra sa sneachta ▪ Cluichí ríomhaire leis na blianta ▪ An aimsir ar fud na domhain ▪ Cú Chulainn ▪ Ar saoire sa Fhrainc
Léitheoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An nuacht a léamh ▪ Athscríobh a léamh ▪ Scéalta/dánta agus amhráin a léamh ▪ Comhrá a léamh

	▪ Fíor nó Bréagach
--	--------------------

Rang a Cúig	
Scéim	Abair Liom G
Scéalta	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An turgnamh eolaíochta ▪ Caitín sa Chistin ▪ Tine! ▪ An Roth Mór ▪ Feisteas ▪ Scannáin iontacha ▪ Tom Crean ▪ Clann Lir ▪ Rac gan Stad
Léitheoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Scéalta/dánta agus amhráin a léamh ▪ Comhrá a léamh ▪ Fíor nó Bréagach ▪ Freagair na ceisteanna ▪ Déan achoimre ar an scéal/ar an eolas ▪ An t-oideas a léamh ▪ An t-alt a léamh ▪ An fógra a léamh ▪ Téacsanna a léamh

Rang a Sé	
Scéim	Abair Liom H
Scéalta	<ul style="list-style-type: none"> ▪ An chéad eitilt ▪ Míshásamh sa bhialann ▪ An feighlí Leanaí ▪ Drochlá Oisín ▪ Daithí agus na bróga reatha ▪ An Buachaill sa Ghúna ▪ Na zombaithe ▪ An ghaoth ▪ Tír na nÓg ▪ An bhliainiris

Léitheoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Scéalta/dánta agus amhráin a léamh ▪ Comhrá a léamh ▪ Fíor nó Bréagach ▪ Freagair na ceisteanna ▪ Déan achoimre ar an scéal/ar an eolas ▪ An t-oideas a léamh ▪ An t-alt a léamh ▪ An fógra a léamh ▪ Téacsanna a léamh
-------------------------	---

Scríbhneoireacht

Aidhmeanna

Go mbeidh na páistí in ann:

- Tascanna scríbhneoireachta a dhéanamh le cabhair ón múinteoir agus níos déanaí go neamhspleách, bunaithe ar na téamaí ón scéim Gaeilge
- Téacsanna gairide pearsanta agus cruthaitheacha a scríobh
- Tuiscint a fháil ar phróiseas na scríbhneoireachta trí athdhréachtú a dhéanamh

Tús na scríbhneoireachta

Tosaíonn na leanaí le scríbhneoireacht foirmiúil i rang a hAon. Leanann agus feabhsaíonn an próiseas seo ó rang go rang. Déanann na páistí tascanna scríbhneoireachta bunaithe ar téamaí sa téacsleabhar agus úsáidtear an chóipleabhar chun dul chun cinn a dhéanamh ar a gcuid scríbhneoireachta.

Naíonáin Shóisearacha	
Téacs Leabhar:	Abair Liom A <ul style="list-style-type: none"> ▪ Éist agus tarraing ▪ Éist agus dathaigh

Naíonáin Shinsearacha	
Téacs Leabhar:	Abair Liom B <ul style="list-style-type: none"> ▪ Éist agus tarraing ▪ Éist agus dathaigh

Rang a hAon

Téacs Leabhar:	Abair Liom C <ul style="list-style-type: none"> ▪ Éist agus tarraing ▪ Éist agus scríobh ▪ Líon na Bearnaí ▪ Scríobh an focal ceart ▪ Liosta focal ▪ Crosfhocail ▪ Focal faoi phictiúr ▪ Meaitseáil ▪ Déan abairtí
Cóipleabhar Gaeilge:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Pictiúr le focal in aice leo ▪ Abairtí simplí ▪ Líon na Bearnaí ▪ Athscríobh ón gclár bán: An Nuacht
An Próiseas Scríbhneoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Pictiúir le focail agus abairtí simplí ▪ Scéalta a chumadh bunaithe ar an Modh: Cathain, Cé, Cén áit? (Aguisín 3 - Frámaí Scríbhneoireachta)

Rang a Dó

Téacs Leabhar:	Abair Liom D <ul style="list-style-type: none"> ▪ Éist agus tarraing ▪ Éist agus scríobh ▪ Líon na Bearnaí ▪ Scríobh an focal ceart ▪ Liosta focal ▪ Crosfhocail ▪ Focal faoi phictiúr ▪ Meaitseáil ▪ Déan abairtí
Cóipleabhar Gaeilge:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Pictiúr le focal in aice leo ▪ Abairtí simplí ▪ Líon na Bearnaí ▪ Athscríobh ón gclár bán: An Nuacht ▪ Rannta
An Próiseas Scríbhneoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Pictiúir le focail agus abairtí simplí ▪ Pictiúir le abairtí beaga agus níos déanaí scéalta beaga ▪ Scéalta a chumadh bunaithe ar an Modh: Cathain, Cé, Cá/Cén áit, Cad? (Aguisín 3 - Frámaí Scríbhneoireachta)

Rang a Trí	
Téacs Leabhar:	Abair Liom E
Cóipleabhar Gaeilge:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Freagair na ceisteanna ▪ Críochnaigh na habairtí ▪ Scríobh an abairt mar is ceart ▪ Scríobh scéal ▪ Líon na bearnaí ▪ Cuir na habairtí in ord ▪ Scríobh do scéal féin ▪ Scríobh an comhrá ▪ Scríobh liosta siopadóireachta ▪ Déan cur síos ar na pictiúir
An Próiseas Scríbhneoireachta:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Scéalta a chumadh bunaithe ar an Modh: Cathain, Cé, Cá, Cén áit, Cad? (Aguisín 2 - Frámaí Scríbhneoireachta)

Rang a Ceathair	
Téacs Leabhar:	Abair Liom F
Cóipleabhar Gaeilge:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Freagair na ceisteanna ▪ Críochnaigh na habairtí ▪ Scríobh an abairt mar is ceart ▪ Scríobh scéal ▪ Líon na bearnaí ▪ Cuir na habairtí in ord ▪ Scríobh do scéal féin ▪ Scríobh an comhrá ▪ Scríobh liosta siopadóireachta ▪ Déan cur síos ar na pictiúir ▪ Cuir snas ar na habairtí ▪ Leag amach do scéal féin ▪ Bun nó Barr ▪ Dean cur síos ar na carachtair ▪ Críochnaigh an scéal

Rang a Cúig	
Téacs Leabhar:	Abair Liom G
Cóipleabhar Gaeilge:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Críochnaigh na habairtí ▪ Scríobh faoi.... ▪ Scríobh fút féin

	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Scríobh abairtí ▪ Cuir an t-oideas in ord ▪ Scríobh d'oideas féin ▪ Scríobh an comhrá ▪ Cuir snas ar na habairtí ▪ Scríobh an scéal ▪ Cad iad na difríochtaí ▪ Líon na bearnaí ▪ Scríobh liosta féin ▪ Críochnaigh an t-alt ▪ Déan cur síos ar an gcarachtar ▪ Cruthaigh do charachtar féin agus déan cur síos air/uirthi ▪ Scríobh faoi scannán is fear leatsa ▪ Scríobh smaointe na gcarachtar ▪ Scríobh faoi do caitheamh aimsire féin
--	---

Rang a Sé	
Téacs Leabhar:	Abair Liom H
Cóipleabhar Gaeilge:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Críochnaigh na habairtí ▪ Scríobh fút féin ▪ Scríobh an scéal ▪ Ceangail agus scríobh na habairtí ▪ Líon na bearnaí ▪ Athraigh an scéal ▪ Scríobh an fógra ▪ Scríobh an comhrá ▪ Déan cur síos ar an bhfeisteas ▪ Pleanáil d'fheisteas féin agus déan cur síos air ▪ Aimsigh na difríochtaí ▪ Léigh an plean agus críochnaigh an dán ▪ Scríobh an plean agus an dán ▪ Scríobh faoi do caitheamh aimsire féin ▪ Scríobh smaointe na gcarachtar ▪ Líon isteach do bhliainiris féin

Gramadach

Naíonáin Shóisearacha	
Gramadach	Múintear go hindíreach i mbun ranga é.
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 5

Naíonáin Shinsearacha	
Gramadach	Múintear go hindíreach i mbun ranga é.
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 10

Rang a hAon	
Téacs Leabhar:	Abair Liom C <ul style="list-style-type: none"> ▪ Éist agus tarraing ▪ Éist agus dathaigh
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 20
Fuaimeanna	An túsfhoghar - c, m, l, b, p, t, s, f, r, g, An defhoghar - ia An fhoghar 'a' ag deireadh an fhocal An sineadh fhada - u/ú, o/ó, a/á, i/í Ceannlitreacha Focail an bhfuil an fhuaim chéanna acu

Rang a Dó	
Téacs Leabhar:	Abair Liom D <ul style="list-style-type: none"> ▪ Éist agus tarraing ▪ Éist agus dathaigh
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 20 agus deiceanna 10-100
Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):	Béim ar 1 go 10
Briathra:	Béim ar an aimsir chaite - Rialacha
Forainmneacha:	ag, ar, le
Fuaimeanna	An sineadh fada - a/á, o/ó, u/ú, i/í Na foghair i, e, é ag deiereadh focal An défhoghar - ea, ia, ua An déghraf - th, bh, ch

Rang a Trí	
Téacs Leabhar:	Abair Liom E
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 100
Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):	1 go 10
Briathra:	<p>An Aimsir Chaite - <u>briathra rialta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - Briathra éagsúla (rinne, dhúisigh, chuaigh, thug, fuair, d'ith, dól, d'oscail, d'imir) - An chéad réimniú (glan, cuir, ól, éist, fan, fág) - An dara réimniú (ceannaigh, bailigh, ullmhaigh, éirigh, imir, ceangail, oscail) <p>An Aimsir Chaite - <u>briathra neamhrialta</u> (bí, déan, téigh, abair, feic, faigh, beir, clois, ith, tabhair, tar,)</p>
Forainmneacha:	<p>do - dom, duit dó, di le - liom, leat, leis, léi ar - orm, ort, air, uirthi ag - agam, agat, aige, aici de - díom, díot, de, di</p> <p><u>Réamhfhocal:</u> sa, ar an, in aice leis, faoin, ró, an-</p> <p><u>Aidiacht shealbhach:</u> mo, do, a agus a</p>
Orduithe	uatha
Fuaimeanna	a, á, o, ó, ú, éa, i, í, ea, ui, ua, io, ei, ia, eo, ai, ái, th, ch, cht

Rang a Ceathair	
Téacs Leabhar:	Abair Liom F
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 100
Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):	1 go 10
Briathra:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Súil siar ar an Aimsir Chaite - <u>Briathra Rialta:</u> <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: cuir, ól, fan - An Dara réimniú: ceannaigh, éirigh, oscail,

	<p>Aimsir Chaite: Briathra neamhrialta</p> <ul style="list-style-type: none"> - beir, clois, ith, tabhair, tar, abair, bí, déan, faigh, feic, téigh <p>▪ An Aimsir Láithreach - Briathra Rialta:</p> <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: dún, caith - An dara réimniú: ceannaigh, éirigh, ceangail, oscail, imir <p>Aimsir Láithreach- Briathra Neamhrialta:</p> <ul style="list-style-type: none"> - Beir, clois, ith, tabhair, tar, abair, feic, faigh, bí, déan, téigh
Forainmneacha:	<p>ag - agam, agat, aige, aici ar - orm, ort, air, uirthi le - liom, leat, leis, léi do - dom, duit, dó, di de - díom, díot, de, di</p> <p><u>Réamhfhocal:</u> an-, ró, i, trasna, timpeall, tríd,</p> <p><u>Aidiacht shealbhach:</u> mo, do, a agus a</p> <p><u>Céimeanna comparáide:</u> níos</p>
An t-am	an uair, an leathuair, ceathrú tar éis agus ceathrú chun
Orduithe	Uatha agus iolra
Fuaimneanna	a, á, o, ó, ú, i, í, ea, óg, ua, aí, éa, ao, io, éi, ia, ai, ái, th, ch

Rang a Cúig	
Téacs Leabhar:	Abair Liom G
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 100
Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):	1 go 10
Na horduimhreacha	
Briathra:	<p>▪ An Aimsir Chaite - Briathra rialta</p> <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: glan, éist, fan - An dara réimniú: tosaigh, éirigh, ceangail, oscail, inis

	<p>Aimsir Chaite- <u>briathra neamhrialta</u>:</p> <ul style="list-style-type: none"> - abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh <p>▪ An Aimsir Láithreach - <u>briathra rialta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: dún, éist - An dara réimniú: tosaigh, éirigh, imir <p>An Aimsir Láithreach -<u>briathra neamhrialta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh <p>▪ An Aimsir Fháistineach - <u>briathra rialta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: glan, caith, féach, éist - An dara réimniú: ceannaigh, éirigh, oscail, inis <p>▪ An Aimsir Fháistineach - <u>briathra neamhrialta</u></p> <ul style="list-style-type: none"> - abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh
Na dobhriathra	<ul style="list-style-type: none"> ▪ isteach/istigh, amach/amuigh
Na céimeanna comparáide	<ul style="list-style-type: none"> ▪ fuar, te, fliuch, beag, mór, maith
Forainmneacha:	<p>le - liom, leat, leis, léi, linn, libh, leo</p> <p>ag - agam, agat, aige, aici, againn, agaibh, acu</p> <p>ó - uaim, uait, uaidh, uaithi, uainn, uaibh, uathu</p> <p>do - dom, duit, dó, dí, dúinn, daoibh, dóibh</p> <p>de - díom, díot, de, di, dín, díbh, díobh</p> <p>ar - orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu</p> <p>as- asam, asat, as, aisti, asainn, asaibh, astu</p> <p>roimh - romham, romhat, roimhe, roimpi, romhainn, romhaibh, rompu</p> <p><u>Réamhfhocal agus an t-alt</u> - i, ar an, faoin, thar an, in aice leis an, sa, ag barr, ag bun, ar chúl agus os comhair.</p> <p>an - agus ró</p> <p><u>Aidiacht Shealbhach</u> - mo, do, a, a ár, bhur agus a</p>

Focail Ceisteanna	Cé? Cad? Cathain? Cén? Cén fáth?
An t-am	An uair, an leathuair, ceathrú tar éis/chun, deich tar éis/chun, fiche tar éis/chun
Orduithe	
Uatha agus iolra +i	
Fuaimeanna	a, á, o, ó, u, ú, e, é, i, í, b, bh, c, ch, m, mh, p, ph, t, th

Rang a Sé	
Téacs Leabhar:	Abair Liom H
Comhaireamh (bun uimhreacha)	1 go 100
Comhaireamh (uimhreacha pearsanta):	1 go 10
Briathra:	<ul style="list-style-type: none"> ▪ Súil siar ar an Aimsir Chaite - <u>Briathra Rialta</u>: <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: cuir, ól, fág - An dara réimniú: ceannaigh, oibrigh, ceangail, oscail, inis ▪ Aimsir Chaite - <u>Briathra Neamhrialta</u> <ul style="list-style-type: none"> - Abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh ▪ Súil siar ar an Aimsir Láithreach - <u>Briathra Rialta</u>: <ul style="list-style-type: none"> - An chéad réimniú: caith, ól - An dara réimniú: dúisigh, ullmhaigh, oscail ▪ Aimsir Láithreach - <u>Briathra Neamhrialta</u> <ul style="list-style-type: none"> - Abair, beir, bí, clois, déan, faigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh ▪ Súil siar ar an Aimsir Fháistineach - <u>Briathra Rialta</u>: <ul style="list-style-type: none"> - An Chéad réimniú: glan, caith - An Dara réimniú: ceannaigh, éirigh, imir <p style="text-align: center;">Súil siar ar an Aimsir Fháistineach - <u>Briathra</u></p>

	<p><u>Neamhrialta:</u></p> <p>- Abair, beir, bí, clois, déanaigh, feic, ith, tabhair, tar, téigh</p>
Forainmneacha:	<p>le- liom, leat, leis, léi, linn, libh, leo ag - agam, agat, aige, aici, againn, agaibh, acu ó - uaim, uait, uaidh, uaithe, uainn, uaibh, uathu do - dom, duit, dó, dí, dúinn, daoibh, dóibh de - díom, díot, de, di, dín, díbh, díobh ar - orm, ort, air, uirthi, orainn, oraibh, orthu faoi - fúm, fút, faoi, fúithi, fúinn, fúibh, fúthu as - asam, asat, as, aisti, asainn, asaibh, astu chuig - chugam, chugat, chuige, chuici, chugainn chugaibh, chucu roimh - romham, romhat, roimhe, roimpi, romhainn, romhaibh, rompu</p> <p>Réamhfocal - ar, faoi, thar, in aice le, i, ar imeall, i lár, timpeall, idir, taobh thiar de, an-, ró An aidiacht shealbhach - roimh chonsan, roimh ghuta</p>
Focail Ceisteanna	Cé? Cad? Cá? Cathain? Cén? Cén fáth?
An t-am	An uair, an leathuair, ceathrú tar éis/chun, deich tar éis/chun, fiche tar éis/chun, cúig tar éis/chun, cúig is fiche tar éis/chun
Treoracha	tuaisceart, deisceart, oirthear, iarthar
Uatha agus iolra +anna	
Na céimeanna comparáide	óg, sean, ard, beag, mór, maith, fuar, te
Na dobhriathra	Suas/thuas agus síos/thíos go hard, go láidir, go dian, go trom, go geal, go ciúin, go tapa, go héasca, go tobann
Fuaimneanna	a, á, o, ó, u, ú, e, é, i, í, b, bh, c, ch, m, mh, p, ph, t, th

Litriú

Múintear go neamhfhoirmiúil i Rang a hAon agus a Dó. Chomh minic agus is féidir leanann na litriú leis an ábhar atá á dhéanamh againn sa rang- ná déan litriú ina aonair. Iarr ar na páistí féachaint ar an bhfocal, úsáid a bhaint as agus srl. Is coir litriú a bheith radharcach agus gan a bheith éistitheach.

Cur chuige don litriú: Féach-Abair-Clúdaigh-Samhlaigh-Scríobh-Cearthaigh

Rang a Dó - Rang a Sé

- Bunaithe ar fhoghraíocht agus téamaí sa leabhair
- Ionnan agus 2 gach oíche

1.4: Comhtháthú na Snáitheanna

Déanann múinteoirí iarracht na snáitheanna go léir a nascadh nuair a bhíonn téamaí á fhorbairt acu. Déanann múinteoirí iarracht na snáitheanna a mhúineadh as Béarla agus as Gaeilge ag an am chéile, mar shampla tríd dráma nó 'Aistear', mar atá leagtha amach sa *Curaclam Teanga na Bunscoile*. Déanann an fhoireann sár-éifeacht ar chomhtháthú na snáitheanna gach Mí Márta le linn Seachtain na Gaeilge.

1.5: Téamaí, Straitéisí agus Modhanna Múinte

Tá an scéim "Abair Liom", foilsithe ag Folens, in úsáid againn tríd na scoile i Pelletstown E.T.N.S. Tá deich téamaí leagtha amach sa Churaclam Ghaeilge do gach rang agus leantar iad seo i Abair Liom. Baineann na téamaí leis an timpeallacht agus feictear leanúnachas iontu ó rang go rang. Chomh fada agus is féidir tugtar treoracha an cheachta Ghaeilge as Gaeilge. Úsáidtear an modh díreach, modh na sraithe, an modh closlabhartha agus modh na ráite mar atá leagtha amach. Baintear úsáid as réimse modhanna agus straitéisí i ngach ceacht.

1.6: Gaeilge Neamhfhoirmiúil

- Déantar iarracht sa scoil, Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir, chun grá nádúrtha an teanga a spreagadh.
- Tá plan gníomh againn chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn (Aguisín 1 - Nath na Seachtaine). Beidh gach duine sa scoil ag baint úsáid as an Nath chomh minic is féidir. Craolfaidh nath na seachtaine ar an Luan ar an idirchum le téamaí tionóil na seachtaine seo.
- Déantar iarracht béim a cur ar Gaeilge Neamhfhoirmiúil le linn:
 1. Seachtain na Gaeilge
 2. Tionól scoile
 3. Comhrá na maidine, Nath na Seachtaine
 4. Ócáidí rialta i rith an lae....am rolla/lón/ar maidin srl.
 5. Prionta sa timpeallacht/fógraí/comharthaí/Póstaer

2. Pleanáil Eagraíochta

2.1: Pleanáil an mhúinteora

Tá dualgas ar gach mhúinteoir ranga a pleanáil gearrthéarmach/fadtéarmach féin a dhéanamh. Déantar cuntas mhíosúil ag deireadh gach mí agus coimeádtar iad ar Aladdin agus tá cóip ar chúl.

2.2: Áiseanna

Sa scoil seo, táimid ag baint úsáid as 'Abair Liom'. Sa pacáiste seo tá:

- Cártaí an Mhúinteora-Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha

- Puipéid - Naíonáin Shóisearacha agus Shinsearacha
- Leabhar an Mhúinteora
- Leabhar an pháiste
- Dlúthdhioscaí
- Áiseanna ar an clár bán idirghníomhach (póstaeir, scéalta, amhrán, dánta, cluichí)

(Tá na hÁiseanna sin le fáil sna seomraí ranga faoi seo. Tá áiseanna eile ar fáil ar an sheilf Gaeilge.)

2.3: Éagsúlacht cumais

Sa scoil seo déanfar iarracht freastal ar éagsúlacht cumais na bpáistí trí úsáid a bhaint as straitéisí éagsúla múinteoireachta mar is gá do páistí difriúla sna ranganna.

2.4: Comhtháthú le hÁbhair eile

Déanfaimid iarracht roinnt Gaeilge a úsáid chomh minic agus is féidir in ábhair dhifriúla sa scoil i rith na bliana. Bainimid úsáid as gach deis an Ghaeilge a labhairt i rith an lae. Déanann múinteoirí iarracht na snáitheanna a mhúineadh as Béarla agus as Gaeilge ag an am chéile, mar shampla tríd dráma nó 'Aistear', mar atá leagtha amach sa *Curaclam Teanga na Bunscoile*.

2.5: Measúnú

Is cuid lárnach den phróiseas teagaisc agus foghlama na Gaeilge an measúnú. Seo iad na huirlisí atá in úsáid againn:

1. Liosta na bhfeidhmeanna teanga
2. Dírbhreatnú an mhúinteora
3. Tascanna, trialacha deartha ag an múinteoir
4. Bailiúchán d'obair an pháiste agus thionscadal oibre na bpáistí.

2.6: Obair Bhaile

De ghnáth tugtar obair bhaile sa Ghaeilge sna meán/ardranganna atá bunaithe ar an obair ranga. Dá bhrí sin, ní chuirfear aon stró ar na tuismitheoirí cabhrú leis na páistí muna féidir leo. Braitheann an méid obair bhaile ar éagsúlacht cumais na páistí.

2.7: Forbairt Foirne

Oibríonn na múinteoirí comhranganna le chéile chun plean oibre a chur le chéile. Thug an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí tacaíocht don scoil i rith Mí Márta 2020.

2.8: Tuismitheoirí agus an Ghaeilge

Molann an scoil do thuismitheoirí dearcadh dearfach a bheith acu don Gaeilge chun cabhrú linn grá a chothú don teanga agus suim a mhúscailt inti. Tá an-tábhachtach ag baint le leanúnachas idir scoil agus baile. Úsáidtear Seachtain na Gaeilge, an nuachtlitir agus suíomh gréasáin na scoile chun Gaeilge a cuir chun cinn.

2.9: Comhionannas

Braitheann sé ar éagsúlacht chumais na ndaltaí. Sa scoil seo tá an-bhéim ar an mBéarla ar mháistreacht na teanga. Nuair a thagann na páistí ar dtús, níl orthu tabhairt faoin Ghaeilge ach tá siad páirteach sa rang. Diaidh ar ndiaidh, glacann na páistí páirt sa rang Ghaeilge nuair a oireann sin dóibh agus nuair atá níos mó taitní acu.

Critéir Rathúlachta

(lena ndéanfar an polasaí a mheas)

- Na Páistí ag baint úsáid as an nGaeilge go nádúrtha.
- Na Páistí sásta páirt a ghlacadh sa rang.
- Na Páistí ag baint taitneamh as an rang.
- Gaeilge le feiceáil is le cloisteáil, ó am go chéile, timpeall na scoile.

Cur i bhfeidhm

A: Róil agus freagracht:

Tá gach múinteoir freagrach as an plean a chur i gcrích. Tá Siobhán Maguire freagrach as cothú na Gaeilge sa scoil seo mar seo leanas:

- Deimhin a dhéanamh go bhfuil **nathanna na seachtaine** in úsáid tríd an scoil.
- Eolas a thabhairt do na múinteoirí faoi Chúrsaí/Seachtain na Gaeilge srl
- Áiseanna-taighde a dhéanamh faoi áiseanna a bheadh in oiriúint don scoil

B: Spriocdhátaí leis an bplean a chur i bhfeidhm:

- Leanúint- Bealtaine 2020


Athbhreithniú

Spriocdháta don athbhreithniú

- Mionbhreithniú a dhéanamh, Mí na Bealtaine, gach bliain
- Mórbhreithniú a dhéanamh i Mí na Bealtaine 2023, nuair a bheidh daltaí i Rang a Trí (2019/2020) i Rang a Sé.

Daingniú agus Cumarsáid

Thug an Bord Bainistíochta aitheantas don phlean ar an 3ú Meitheamh 2020.

Siniú:  (Cathaoirleach) *Caitiona A. Cleary (Principal)*

Dáta: 3 Meán 2020

Aquisín 1

Nath na
Seachtaine

Naíonáin Shóisearacha - Rang a Dó

<u>Seachtain</u>	<u>Frasaí</u>
1	Dia Duit/Dia is Muire Duit Slán
2	Cé tusa? Is mise....
3	Tar isteach!
4	Fáilte Romhat!
5	Anseo....Tá/Níl ar scoil!
6	Más é do thoil é!
7	Go raibh maith agat!
8	Gabh mo leithscéal!
9	Cé leis é? Is/Ní liomsa é!
10	Cabhraigh liom.... (Ceangail mo bhróga. Dún mo chóta!)
11	Las na soilse/Mhúch na soilse
12	An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas.
13	Is maith liom/Ní maith liom...
14	Cá bhfuil an/mo.....?
15	Tabhair dom an/mo....
16	Ghortaigh mé mo...../ Tá pian i mo....
17	Pioc suas an....
18	Cuir ort do chóta

19	Bain díot do chóta
20	Croch suas do chóta
21	Rinne mé dearmad
22	Rinne mé botúin
23	Bí/Bígícúramach!
24	Tá mo _____ cailte/bríste.
25	Bain triail as!

Rang a Trí - Rang a Sé

<u>Seachtain</u>	<u>Frasaí</u>
1	Conas atá tú/sibh?
2	Slán go fóill/ Feicfidh mé amárach thú/sibh!
3	Conas a litríonn tú?
4	Conas a deir tú?
5	An bhfuil a fhios agat? Tá/Níl a fhios agam.
6	Tuigim/Ní thuigim
7	An bhfuil cead agam dul go dtí an leithreas/bosca bruscair/leabharlann srl. Tá/Níl cead agat!
8	Ceapaim/ Ní cheapaim
9	An féidir leat....? Is/Ní féidir liom....
10	Is cuimhin liom/Ní chuimhin liom!
11	Préachta leis an bhfuacht
12	Tá _____ an domhain orm.
13	Tar éis tamaill
14	Bunoscionn

15	Go minic
16	Go tobann
17	Uaireanta
18	Ó am go ham
19	go mall/go tapa
20	Ar nós na gaoithe
21	Dóite ag an ngrían
22	Fliuch go craiceann
23	tuirseach traochta
24	ag crith le heagla
25	sna trithí gáire

Aquisín 2

Teanga ó

Bhéal

Scéim:

Abair Liom

Teanga ó Bhéal

Téama: Mé Féin		
Ranganna agus Foclóir:	Ceachtanna agus Frásaí:	
<p>Naíonáin Shóisearacha <i>Foclóir:</i> dearg, súil, cluas, lámh, srón, béal, gruaig, méar, fiacra, cos, ceann, madra, an pháirc, glúin, carr, dochtúir, leaba, bindealán, ag caoineadh, ghortaigh</p>	<p>Is Mise Cé thusa? Is mise.. Seo é/í mo lámh, cheann, chos, chluas, shorn srl. Tá an ____ dearg.</p>	<p>Teidí Beag Álainn Ghortaigh sé a cheann, shúil, lámh, ghlúin. Thit teidí sa pháirc. Tá teidí ag caoineadh.</p>
<p>Naíonáin Shinsearacha <i>Foclóir:</i> bolg, gualainn, glúin, seilide, suas, síos, cluas, béal, srón, cos, súil, ceann, ag léim, ina c(h)odladh, ag súgradh, balún, cárta breithlae, cáca, bronntanas, coinnle, sleamhnán, luascán, gloine, ag canadh, ag ithe, ag ól.</p>	<p>Seán agus Síofra Cad is ainm duit? ____ is ainm dom. Seo é/í mo ____. Tá an ____dearg/buí srl</p>	<p>Breithlá Cén aois thú? Tá mé cúig/sé bliana d'aois. Feicim ____ ag ____. Feicim ____ amháin. Feicim dhá/thí/ceithre/ cúig ____. Breithlá sona duit!</p>
<p>Rang a hAon <i>Foclóir:</i> Mamá, Daidí, Seán, Síofra, Oisín, Mamó, Lóla, Tafaí, ag rith, ag léim, ag siúl, ag rothaíocht, ag eitilt, ag tiomáint, ag ól, ag ithe, eochair, carr, crann, balla, teach, ceann, cos, lámh, bolg, srón, cluas, glúin, altra, dochtúir, leigheas, bindealán, cófra, leaba, lampa.</p>	<p>Is féidir liom Is/Ní féidir liom ____. Tá/Níl ____ ag ____. Tabhair dom é/í.</p>	<p>Oisín tinn Tá pian i mo ____. Tá ____ tinn.</p>
<p>Rang a Dó <i>Foclóir:</i> súil, béal, srón, cluas, bolg, cos, gruaig, aghaidh, fiacail, lámh, clár éadain, glúin, bindealán, plástar, dochtúir, altra, an t-ospidéal,</p>	<p>Timpiste An bhfuil ____? Tá/Níl. Tá ____ ar ____.</p>	<p>Dul siar</p>
<p>Rang a Trí <i>Foclóir:</i> ocht mbliana, naoi mbliana deich mbliana gruaig fhionn, gruaig dhonn</p>	<p>Breithlá Sheáin agus Síofra Cad is ainm duit? ____ is ainm dom. Cén aois thú? Tá mé</p>	<p>An grianghraf Cé mhéad duine ata i do theaghlach? Tá ____ I mo theaghlach. An bhfuil deirfiúr nó</p>

<p>gruaig rua, gruaig ghearr gruaig fhada. súile gorma, súile donna, súile glasa. Mamáí, Daidí, deartháir (deartháireacha), deirfiúr (deirfiúracha), aintín (aintíní), uncail (uncailí).</p>	<p>ocht/naoi/deich mbliana d'aois. Cén dath ar do shúile? Tá súile ____ agam. Cén dath ar do chuid gruaige? Tá gruaig ____ orm.</p>	<p>deartháir agat? Tá/níl ____ agam. Seo é/í ____ Cé mhéad ____ agat? Tá ____ agam. Níl ____ agam</p>
<p>Rang a Ceathair <u>Foclóir:</u> naoi mbliana, deich mbliana, aon bhliain déag mbliana, níos óige, níos síne, gruaig fhionn, gruaig dhonn, gruaig rua, gruaig ghearr, gruaig fhada, gruaig dhíreach, gruaig chatach, súile glasa, súile gorma, súile donna</p>	<p>Mo Chairde Inis dom faoi _____. Dean cur síos ar _____. Seo iad na cairde is fear liom, _____. Tá _____ mbliana d'aois. Tá ____ níos óige/níos sine ná mé. Tá gruaig ____ ar _____. Tá súile ____ ag _____.</p>	<p>An fiaclóir Cad ata cearr leat? Tá tinneas fiacaile/tinneas cinn/slaghdán orm. Tá pian I mo bholg/chos/lámh. Tá eagla/imní/áthas orm. Tá biseach orm.</p>
<p>Rang a Cúig <u>Foclóir:</u> Éire, an Spáinn, an Ríocht Aontaithe, an Pholainn, an India, an Liotuáin, an Laitvia an Nigéir, an Rómáin, na Stáit Aontaithe, Sasana, Poblacht na Seice, Albain, an Fhrainc Baile Átha Cliath, Maigh Eo Gaillimh, Tiobraid Árann, Luimneach, Ciarraí, Ros Comáin, Muineachán, Uíbh Fhailí, Loch Garman Eolaí, garda, freastalaí múinteoir, altra, dochtúir tógálaí, feirmeoir, gruagaire, fear / bean an phoist, Fiaclóir, ceoltóir, píolóta, cócaire, tréidlia, tiománaí, fear gnó / bean ghnó Deartháireacha, deirfiúracha, tuismitheoirí, seanathair, seanmháthair, seantuismitheoirí, aintín, uncail, col ceathrar.</p>	<p>An buachaill nua Cá bhfuil tú I do chónaí? Tá mé i mo chónaí i ____ /Cónaím i ____ Cad as duit? Is as _____ dom. Cár rugadh tú? Rugadh mé I _____.</p>	<p>An turgnamh Cén slí bheatha ata ag ____? Cad a dhéanann ____? Is ____ é/í ____. Oibríonn ____ i _____.</p>

<p>Rang a Sé <u>Foclóir:</u> cineálta, cliste, greannmhar cainteach, gealgháireach, beoga, cantalach, leisciúil, cúramach, cairdiúil, spórtúil.</p> <p>aisteoir, altra, ceoltóir cócaire, cóitseálaí, spóirt dochtúir, fear gnó / bean ghnó, feirmeoir, freastalaí, garda, grianghrafadóir, gruagaire, innealtóir, múinteoir, píolóta, tógálaí, tréidlia.</p> <p>eolaíocht, mata, ceol, drámaíocht, gnó, spórt, ainmhithe.</p> <p>Deirfiúr, deartháir, deartháireacha, deirfiúracha, uncail / aintín garpháistí</p>	<p><u>An beárbaiciú</u></p> <p>Cén sórt duine thú? Is duine ___ mé. Cé hé an duine is ___? Is mise an duine is ___. Bím i gcónaí ag ___. Is breá liom a bheith ag ___.</p>	<p><u>An chéad eitilt</u></p> <p>Cad ba mhaith leat a dhéanamh lá éigin? Ba mhaith liom a bheith I mo ___. Ba mhaith liom du lag obair I ___ (mar ___).pianó Tá mé go maith ag ____. Tá suim agam i/sa ___. Ceapaim go mbeidh tú I do ___ iontach. B'fhéarr liom ___.</p>
--	---	--

Téama: An Scoil		
<u>Ranganna agus Foclóir:</u>	<u>Ceachtanna agus Frásaí:</u>	
<p>Naíonáin Shóisearacha <u>Foclóir:</u> buí, mála scoile, bosca lóin, cathaoir, bord, fuinneog, doras, ríomhaire, ina s(h)easamh, ina s(h)uí, múinteoir, an clós, ag súgradh, ag luascadh, ag imirt peile, ag scipeáil, ag caoineadh, áthas, brón, fearg, eagla</p>	<p><u>Ar scoil</u> Seo é/í _____. Dia duit, Dia is Muire duit Tá mé ar scoil Tá mé i mo sheasamh/shuí.</p>	<p><u>Sa chlós</u> Tá na páistí ar scoil. Tá ___ orm/ar ____. Cad atá ar siúl ag ___? Tá ___ ag ____.</p>
<p>Naíonáin Shóisearacha <u>Foclóir:</u> múinteoir, clár bán, leabhar, ríomhaire, cófra, cás peann luaidhe, clog, fillteán, crián, ag léamh, ag scríobh, ag éisteacht, ag féachaint, an fheirm, bó, capall, muc, caora, sicín, éan, geata, bus, páistí,</p>	<p><u>An seomra ranga</u> Tá mé/na páistí ar scoil. Taispeáin dom ____. Seo é/í ____.</p>	<p><u>Turas scoile</u> Tá an rang ar turas scoile. Tá bó/muc/caora ar an bhfeirm. Cad a chloiseann tú? Chloisim ____.</p>

<p><i>ainmhithe, ag ithe</i></p>		
<p>Rang a hAon <u>Foclóir:</u> <i>peann luaidhe, peann, scriosán, bioróir, cóipleabhar, leabhar, mála, cás peann luaidhe, fillteán, múinteoir, Rang a hAon, dearg, buí, glas, gorm, oráiste, corcra, doras, fuinneog, bord, cathaoir, cófra, bosca bruscair, bosca athchúrsála, píosa páipéir, clog, ríomhaire, clár bán, soilse, dallóg, scuab, múinteoir.</i></p>	<p>Ar scoil Cé leis an ____? Is liomsa é. Ní liomsa é. Is le ____ an ____.</p>	<p>Ag dul abhaile Las/much na soilse. Oscail/dún na dallóga. Glan an clár bán. Cuir píosa páipéir sa bhosca athchúrsála. Cén t-am é? Tá sé a ____ a chlog.</p>
<p>Rang a Dó <u>Foclóir:</u> <i>pictiúr, bláth, seilf, scriosán, clár bán, péint, scuab, bosca bruscair, ag péinteáil, ceolchoirm, trumpa, feadóg stáin, fidil, piano, drumáí, giotár, bosca ceoil, lucht féachana, ag seinm ceoil, ag canadh, ag bualadh bos</i></p>	<p>Tafaí ar scoil Cé acu is fear leat? Is fear liom ____ ná ____. An maith...? go hiontach/go huafásach</p>	<p>Ceolchoirm na scoile Tá ____ ag seinm (ar an) ____. Cén lá atá ann inniu? Cathain a bheidh ____ ar siúl?</p>
<p>Rang a Trí <u>Foclóir:</u> Múinteoir, príomhoide, daltaí, rang (Rang a Trí), clár bán, leabhair, péint (péinteanna,) siosúr, obair bhaile. an seomra ranga, an halla spóirt / halla na scoile, an leithreas, an leabharlann, an oifig, an clós. Béarla, Gaeilge, Mata, Stair, tíreolaíocht, eolaíocht, corpoideachas, ealaín, ceol, drámaíocht. Maiseúcháin, duais, ticéid, borróga, clár scátála, stáitse, sceitimíní, áthais.</p>	<p>Aonach na scoile An bhfuil cead agam dul go dtí ____? An féidir leat ____? Is féidir liom ____.</p>	<p>An rang corpoideachais Cén rang ina bhfuil tú? Tá mé i rang a ____. An dtaitníonn ____ leat? Taitníonn/Ní thaitníonn ____ liom. An mbíonn ____? Bíonn/Ní bhíonn ____.</p>

<p>Rang a Ceathair <i>Foclóir:</i> an clár bán, cóipleabhair, bileog oibre, feadóg, éadaí spóirt, tionól, Rang a Ceathair, an seomra ranga, an halla (spóirt), an clós, seomra na ríomhairí, Béarla, Gaeilge, mata ,stair, tíreolaíocht, eolaíocht, corpoideachas, ealaín, ceol, drámaíocht, stáitse, lucht féachana, bualadh bos</p>	<p><u>An lá scoile</u> Cén rang ina bhfuil tú?? Té mé i rang a ____. Cén scoil ina bhfuil tú? Tá mé i ____. Cén t-am a thosaíonn/a chríochnaíonn ____? Tosaíonn/críochaíonn ____ ar a ____. Cathain a bhíonn ____ agat? Bíonn ____ againn ____.</p>	<p><u>An dráma scoile</u> Bhí ____ gléasta mar ____. ____ níor thug mé faoi deara é. Ar chuala tú (cad a tharla) ____? Is mór an trua ____.</p>
<p>Rang a Cúig <i>Foclóir:</i> clár dubh, clár bán (idighníomhach), áiseanna digiteacha, iPadanna, scoil mheasctha, scoil cailíní / buachaillí amháin, scoil Chaitliceach, scoil Oideachas le Chéile, i líne, inár mbeirteanna, i ngrúpaí, léine, blús, geansaí, bríste, gúna, sciorta, carbhat, t-léine, cúrsa taistil, tiománaí bus cairdiúil, tinneas taistil, leigheas, scuaine daoine, sparán airgead phóca, Músaem Stair an Dúlra Músaem Staire, An Dánlann Náisiúnta, feirm, zú, uisceadán, ionad eachtraíochta, páirc théama, taispeántas ,tíogar, an bailiúchán féileacán, cnámharlach an mhíl mhóir ,pictiúir, dealbh, siopa, bronntanas, leon, sioráf, ochtapas, uan, mumaí, rollchóstóir, surfáil, tarantúla.</p>	<p><u>An turas scoile</u> An bhfaca tú? Nach raibh ____? An bhfuil a fhios agat cén tt-ama mbeidh ____ againn? Timpeall ____ . Beidh ____ againn ar ____ . Brostaígí, ba mhaith liom ____ a fheiceáil. Ar aghaidh linn go dtí ____ .</p>	<p><u>Scoileanna leis na blianta</u> Tá mé ag freastal ar ____ . Scoil ____ is ea í. Tá timpeall is ____ dalta I mo rang/sa scoil. Tá an scoil suite ____ . Níl sé ach ____ nóiméad ó mo theach. Conas a théann tú ar scoil gach lá? Siúlaim/Téim ar an mbus/Faighim síob sa charr ó ____ . An gcaitheann tú éide scoile? Caitheann/Ní chaitheann. Caithim...</p>
<p>Ranga Sé <i>Foclóir:</i> Príomhoide, múinteoir, daltaí ranga, áiseanna, cóipleabhar, litriú, scrúdú, feighlí, seomra ranga, seomra na ríomhairí, an leabharlann, halla spóirt, oifig an phríomhoide, oifig an rúnaí,</p>	<p><u>Scoil Sheáin agus Shíofra</u> Cén sórt áiseanna atá agaibh? Tá ____ againn. Tá ____ le ____ againn. Tá ____ lán de ____ againn. Tá</p>	<p><u>Drochlá Oisín</u> Conas a bhí an lá agat? Thar barr! Ar fheabhas! Go hiontach! Lá den scoth! Go dona! Go huafásach! Bhí drochlá agam. Maith an cailín/an buachaill!</p>

<p>cófra an fheighlí, gairdín, cistin, an clós, cúirt (leadóige / chispheile), an tseanpháirc imeartha, ealaín, eolaíocht, stair, mata, Gaeilge, Béarla, tíreolaíocht, drámaíocht, ceol, corpoideachas, amhránaithe, ceoltóirí, damhsóirí, draíodóirí, peataí cliste, halla na scoile, stáitse, praghas, ticéad</p>	<p>___ againn chun ____. Cad é an t-ábhar is mó a dtaitníonn leat? Is é ___ an t-ábhar is mó a thaitníonn liom (mar ____).</p>	<p>Chuala mé ____. Rinne mé é trí thimpiste.</p>
---	--	--

Téama: Bia		
<u>Ranganna agus Foclóir:</u>	<u>Ceachtanna agus Frásaí:</u>	
<p>Naíonáin Shóisearacha <i>Foclóir:</i> glas, bosca lóin, úll, oráiste, piorra, cáis, ceapaire, uisce, bainne, ag ithe, ag ól, ciseán, milseáin, uachtar reoite, seacláid, sú oráiste, ocras, tart.</p>	<p><u>An Bosca Lóin</u> Tá ___ i mo bhosca lóin. Tá mé ag ithe/ag ól. Is maith/Ní maith liom.</p>	<p><u>An Phicnic</u> Tá ocras/tart orm. Tá mé ag ithe ____. Tá mé ag ól ____.</p>
<p>Naíonáin Shinsearacha <i>Foclóir:</i> pláta, scian, forc, spúnóg, sicín, prátaí, cairéid, arán, sailéad, sú oráiste, ag ól, ag ithe, ag gáire, ag rith, pancóga, siúcra, líomóid, im, plúr, uibheacha, (buidéal) bainne, seacláid, pláta, friochtán, oscailte, dúnta</p>	<p><u>Am dinnéir</u> Is maith liom ____. Ní maith liom ____. An bhfuil ocras/tart ort? Tá ocras/tart orm. Tá mé ag ól/ithe.</p>	<p><u>Pancóga</u> Tabhair dom ___ le do thoil. Cuir ___ sa bhabhla. Cad atá sa bhabhla? Tá ___ sa bhabhla.</p>
<p>Rang a hAon <i>Foclóir:</i> arán, bainne, im, subh, calóga, cupán tae, ubh, tósta, sú, leaba, bricfeasta, ag ól, sútha talún, piorra, banana, anann, oráiste, fíonchaora, úll, cupán mór, cupán beag, sú oráiste, sop, sparán.</p>	<p><u>Bricfeasta sa leaba</u> Ar mhaith leat? Ba mhaith liom. Níor mhaith liom.</p>	<p><u>Ag ceannach sú</u> ___ le do thoil. Ar ith? D'ith. Níor ith.</p>
<p>Rang a Dó <i>Foclóir:</i> picnic, píosa cáca, brioscaí,</p>	<p><u>Picnic</u> An maith? Is maith/Ní maith/Is</p>	<p><u>An dinnéar</u> Ar thaitin? Thaitin.</p>

<p><i>borróga, ceapairí, sméara dubha, piorra, ciseán, naipcín, capall, feoil, piseanna, líomanáid, pota, sáspan, sorn, cuisneoir, glasraí</i></p>	<p>fear. B'fhéidir go bhfuil... Ar an, sa</p>	<p>Níor thaitin. Ag ithe Ag ól</p>
<p>Rang a Trí <u>Foclóir:</u> prátaí, stéig, burgair, sicín, sceallóga, sailéad, spaigití Bolognese, citseap, salann, piobar, cairéid, piseanna, píotsa, liamhás, anann, arbhar, milis, piobarónaí, oinniún, cuisneoir.</p> <p>Biachlár, freastalaí, gloiní, naipcín, pláta, bricfeasta, lón, dinnéar.</p>	<p><u>Dinnéar sa bhialann</u></p> <p>An maith leat ___? Is/Ní maith liom ____.</p> <p>Tabhair dom an ____, le do thoil.</p> <p>Is aoibhinn/breá/fuath liom ____.</p>	<p><u>Daidí ag cócaráil</u></p> <p>Cad ata uait? Ba mhaith liom ____. Is fearr liom ____. An bhfuil an ____ réidh?</p>
<p>Rang a Ceathair <u>Foclóir:</u> Plúr, rísíní, cnónna, siúcra, tae, caife, im, úlla, ispíní, uibheacha, cáca, pióg, úll, píotsa, anraith, Spaigití, curaí, glasraí, sicín, púdar, seilidí, oinniún, trátaí, spíosraí, feoil.</p> <p>Tralaí, freastalaí, cuntar, amach, seilf, liosta.</p> <p>Boladh, meascán, oigheann, cloigín, lámhainní.</p>	<p><u>Ag an ollmhargadh</u></p> <p>Cad ba mhaith leat (a dhéanamh)? Ba mhaith liom ____ (a dhéanamh). Taitníonn ____ go mór liom. Le haghaidh an bricfeasta/am lóin/an dinnéir.</p>	<p><u>Bia blasta</u></p> <p>Conas a rinne tú? D'úsáid mé ____ Mheasc mé ____. Chuir mé ____ ann. Is maith/breá/aoibhinn/fuath liom.</p>
<p>Rang a Cúig <u>Foclóir:</u> Glasraí, sailéad, torthaí gránaigh, arán, prátaí, pasta rís, bainne, iógart, cáis, feoil iasc, uibheacha, cnónna. saille olaí, saille, siúcra salann, anann, fíonchaora fraocháin ghorma, abhacad, leitís, piobair, gairleog, arbhar milis, leite, lintilí, calóga arbhair.</p> <p>Liamhás, tuinnín bradán, maonáis, ola criospaí, briosaí,</p>	<p><u>Pirimid an bhia</u></p> <p>Tá ____ go maith/go dona duit. Ba chóir duit ____ a ithe/a ól. Caithfidh tú níos mó/níos lú ____ a ithe. Tá ____ lán de ____.</p>	<p><u>Cáitín sa Chistin</u></p> <p>Ba mhaith liom ____ a dhéanamh. An féidir leat cabhrú liom? Cad iad na comhábhair a bheidh uaim? Beidh ____ uait. Conas dhéanfaidh mé/é/i/iad? Tóg amach/Cuir/Measc/Doirt ____.</p>

<p>uachtar reoite, deochanna súilíneacha, plúr, púdar bÁCála, púdar cócÓ, reoán, sceallaí seaclaíde, borróga, oideas, comhábhair, trealamh, modh, babhla, spúnóg, adhmaid, scian, pota, stán bÁCála, tráidire bÁCála, meascán, cásanna, borróige na scálaí, oigheann, cuisneoir, leathchupán.</p>		
<p>Rang a Sé <u>Foclóir:</u> Cáis, liamhás, tuinnín, mairteoil, muiceoil, feoil, iasc, prátaí, glasraí, muisiriúin piobar dearg, pónairí, <u>abhacád, lintilí, ológa, torthaí, mil, cnónna, leite, calóga arbhair, gránach, pancóga, tósta, ubh (friochta), sú oráiste, sú úll, caife, anraith, rollóg, aráin, saillead, ceapairí, stéig, píotsa, sceallóga, uachtar reoite, iógairt, huevos rancheros, enchilada le pónairí, taco, curai agus rís, pasta agus iasc le hanlann, trátaí, spaigití Bolognese, núdail le feoil agus glasraí, stobhach, bagún agus cabáiste, tortillas.</u></p>	<p><u>Cad a itheann tú?</u></p> <p>Itheann daoine a lán ____. Úsáideann daoine ____ go minic. Cad is béile traidisiúnta ____ ann? Is béile traidisiúnta ____ é/iad ____. Taitníonn ____ go mór le ____. Cad a itheann tú ag am ____ de ghnáth? Ithim ____ dé ghnáth. Cén sórt bia is fearr leat? Is é ____ an bia is fearr liom.</p>	<p><u>Míshásamh sa bhialann</u></p> <p>Chuala mé go bhfuil ____ ag tnúth go mór le ____. an ____ is fearr sa domhain. Cad é an fadhb? Tá ____ an-/ró ____. Tá ____ chomh ____ le ____.</p>

Téama: Caitheamh Aimsire		
